

Cuntas Leithreasa 2025

Vóta 27

Comhar Idirnáisiúnta

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 27, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 ar chúnamh forbartha oifigiúil ar leith, lena n-áirítear deontais ar leith agus ar ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta ar leith atá rannpháirteach i gcúnamh forbartha agus ar thuarastail agus caiteachais i ndáil leo sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2025, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear farasbarr €3.12 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 7.

Ráiteas faoi bheartais agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntas leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin in imlitir 25 de 2025, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin cur i bhfeidhm roinnt Caighdeán Cuntasaíochta an Rialtais Láir (CGAS) a tháinig i bhfeidhm do thréimhsí chuntasaíochta ag tosú ón 1 Eanáir 2025.

Chun an t-aistriú ón gcuntas leithreasa go dtí CGAS a éascú, fuair an Rannóg um Chomhar Idirnáisiúnta maoluithe maidir le CGAS 17 (Réadmhaoine, Fearas agus Trealamh) mar a leanas.

Níor gearradh dímhéas ar fhoirgnimh in 2024 ná in 2025. Níor nochtadh an farasbarr athluachála amhail an 31 Nollaig 2024 agus an 31 Nollaig 2025.

De réir CGAS 17, cuirfear dímhéas i bhfeidhm ar luachanna athluacháilte na bhfoirgneamh ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, agus nochtfar an farasbarr athluachála amhail an 31 Nollaig 2026 ar leithligh i gcuntas leithreasa na bliana 2026.

Talamh agus Foirgnimh

Tá luach iompair na talún agus na bhfoirgneamh atá san áireamh i sócmhainní caipitil bunaithe ar chleachtadh luachála a dhéantar gach seacht mbliana, agus déantar breisithe agus feabhsúcháin ina dhiaidh sin ar thalamh agus ar fhoirgnimh a thaifeadh ar a gcostas. Is é an modh athluachála a úsáideadh ná an luach reatha margaidh bunaithe ar choinníollacha an mhargaidh áitiúil. Ní dhéantar dímhéas ar thalamh ná ar fhoirgnimh.

Dímhéas ar shócmhainní caipitil eile

Déantar dímhéas réadmhaoine, fearais agus trealamh a ríomh agus a ghearradh de réir CGAS 17 Réadmhaoine, Fearas agus Trealamh.

Is mar seo a leanas atá na saolréanna ionchais agus na rátaí gaolmhara a bhaineann le dímheas/amúchadh do mhóraicmí sócmhainní caipitil:

<i>Aicme Sócmhainne</i>	<i>Saolré ionchais</i>	<i>Ráta dímheasa</i>
Trealamh	5 bliana	20%
Troscán agus feistis	10 mbliana	10%
Feithiclí	5 bliana	20%

Idirbhearta rátaí malairte

Aistrítear na hidirbhearta sin a eascraíonn ar airgeadraí coigríche go euro ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta an ghlanta. Ag leibhéal misin na tíre cláir, aistrítear na hidirbhearta sin a eascraíonn ar airgeadraí coigríche go euro ag ráta malairte an mhargaidh a bhíonn i bhfeidhm ag tús na míosa. Aithnítear difríochtaí malairte neamhréadaithe a eascraíonn as athluacháil iarmhéideanna airgeadra eachtraigh dheireadh na bliana sa chuntas maoinithe stáit ag deireadh na bliana.

Aisíocaíochtaí deontas

Déantar deontais a maoiníodh ón gciste comhoibrithe déthaobhaigh agus cúnaimh dhaonnúil a aisíoc leis an gciste nuair a fhaightear iad.

Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí.

Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú cinnte a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhríaltachtaí ábhartha nó go dtugtar faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Dearbhú ar sheirbhísí comhroinnte

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte párolla, costais agus feidhmeanna acmhainní daonna ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Is é Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte atá freagrach as rialuithe a chur i bhfeidhm sna hIonaid Seirbhísí Comhroinnte.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte litir dhearbhaite ar fáil dom maidir leis na socruithe ar rialú inmheánach agus ar iniúchóireacht, chomh maith le tuarascálacha ar na hiniúchtaí ar oibriú rialuithe le linn 2025.

Tá mé muiníneach as an gcóras rialaithe laistigh den Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte mar a thuairiscigh Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige sin dom.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistiú airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.
- Tá Coiste Iniúcháireachta ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm i dtaca leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.
- Tá fianaise ann ar nósanna imeachta maidir le príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmhigin agus cuntasachta. Tá na gnéithe seo a leanas mar chuid de sin:

- Córas buiséadaithe iomchuí agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- Athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán
- Córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Roinn
- Córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- Treoirínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí, chomh maith le rialacha foirmiúla um bhainistiú tionscadail
- Tá polasaí i bhfeidhm chun calaois a chomhrac, a thuairisciú agus freagairt d'eachtraí calaoise a d'fhéadfadh tarlú sa Roinn, sa líonra misin agus sna heagraíochtaí comhpháirtíochta a fhaigheann deontais.

Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúcháireachta

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an Roinn lena ngabhann foireann atá cáilithe agus oile go cuí chuige agus gur de réir mar atá i gcairt i scríbhinn arna ceadú agamsa a oibrítear. Treoraíonn anailís ar na rioscaí a bheadh i gceist don Roinn obair an choiste. Tá a phleananna iniúchta inmheánaigh rollacha agus bliantúla, arna gceadú agamsa agus arna gcomhaontú ag an gCoiste Iniúcháireachta, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na plananna sin leis na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanaim féin agus an Coiste Iniúcháireachta an fheidhm iniúcháireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go dtugtar faoi mheasúnú iar-iniúchta ar tuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Soláthar

Cinntíonn an Oifig go bhfuil béim iomchuí ar dhea-chleachtas soláthair nuair a bhronntar gach conradh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontacht gach treoirlíne iomchuí a chinntiú. €13.1 milliún a caitheadh san iomlán ar earraí agus ar sheirbhísí gairmiúla agus ar sheirbhísí eile ar conradh in 2025.

Tá sonraí tugtha ag an Roinn ar aon chonradh neamhiomaíoch amháin sa bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil maidir le himlitir 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chomhlíon an Roinn na treoirínte cé is moite de chonradh amháin os cionn €25,000 (gan CBL san áireamh). Cuireadh síneadh leis an gconradh (€74,300 CBL san áireamh) a bronnadh roimhe seo faoi phróiseas tairisceana iomaíoch níos faide ná dáta an chonartha bhunaidh gan próiseas iomaíoch. Cuireadh an conradh seo amach ar tairiscint in 2025 agus tá sé ag cloí leis na rialacha anois.

Tá an conradh thuas curtha san áireamh i dtuairisceán bliantúil 40/2002 agus tá tagairt déanta dó thuas.

Comhlíontacht cánach misean

Is é polasaí na Roinne cloí le hoibleagáidí cánach agus árachais shóisialta áitiúla sna háiteanna ina bhfuil misin taidhleoireachta na hÉireann lonnaithe. Déanann an Rannán Acmhainní Daonna agus an tAonad Airgeadais oibleagáidí cánach na dtíortha óstaigh a athbhreithniú ar bhonn leanúnach trí athbhreithniú deisce ó fhoirne sa cheanncheathrú agus trí chuaipteanna misin rialta. Chomh maith leis sin, áirítear athbhreithniú ar chomhlíontacht leis na hoibleagáidí cánach áitiúla in iniúchadh bliantúil seachtrach na Roinne ar na misin dhéthaobhacha níos mó. Áiríonn an Roinn freisin feasacht a ardú maidir le cáin áitiúil agus maidir le hoibleagáidí i dtaobh árachas sóisialta mar chuid dá clár oiliúna don fhoireann roimh phostú thar lear.

Ina theannta sin, coinníonn cuntasóirí atá cáilithe go cuí agus iniúcháirí inmheánacha sna misin dhéthaobhacha níos mó an comhlíontacht sin faoi athbhreithniú.

Athruithe struchtúrtha iltaobhacha

Leanann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála de dhlúth-fhaire a dhéanamh ar athruithe i leibhéal an chúnaimh oifigiúil forbartha (ODA), ní hamháin de bharr an chinnidh a rinne riarachán na Stát Aontaithe deireadh a chur le USAID, ach de bharr gníomhartha roinnt mór-dheontóirí eile chomh maith. Tá misin na hÉireann, go háirithe i dtíortha i mbéal forbartha, ag déanamh dlúth-fhaire ar fhorbairtí, maidir le hathruithe beartais agus an tionchar a bheadh aige sin ar ár gcomhpháirtíochtaí agus ar ár gcláir chúnaimh ar an láthair. Bímid i dteagmháil rialta lenár gcomhpháirtithe, lena n-áirítear rialtais i dtíortha i mbéal forbartha, deontóirí idirnáisiúnta eile, gníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe agus gníomhaireachtaí iltaobhacha eile, chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) forbartha Éireannacha agus idirnáisiúnta.

Beidh tionchar ar fud an domhain ag na ciorruithe atá déanta ar mhaoiniú ó na Stáit Aontaithe agus ó dheontóirí eile. Maidir leis seo, leanfaimid orainn ag glacadh páirte in athbhreithnithe ar leibhéal domhanda chun measúnú a dhéanamh ar leibhéal agus ar thionchar na n-athruithe, agus tacóimid le tionscnaimh ar nós mholadh an Choiste um Chúnamh Forbartha OECD maidir le suirbhé ar réamh-mheastacháin ODA a dhéanamh, mar chéim leantach ar an measúnú mion a rinneadh in 2025 ar scóip agus ar thionchar na gcorruithe ODA ar fud an domhain. Rinne MOPAN (an Líonra Feidhmíochta Iltaobhaí) obair mhionsonraithe freisin, agus foilsíodh tuarascáil ina leith sin i mí na Samhna 2025; tacóimid le haon nuashonruithe breise a dhéanfar air sin. Tugann ár rannpháirtíocht san AE agus i ngrúpaí ar nós ghrúpa Ard-Stiúrthóirí Forbartha 'Nordic+', grúpa a bhfuil Éire ina cathaoirleach air le bliain anuas, léargas dúinn ar athruithe ar leibhéal domhanda. Oibreoimid freisin chun béim a chur ar chomhar forbartha le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE, agus chun plé a dhéanamh ar leibhéal polaitiúil ar chúrsaí domhanda a bhaineann le todhchaí an chomhair forbartha tar éis na bliana 2030, an spriocdháta do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

Tá sé soiléir dúinn nach mbeidh Éire ábalta na bearnaí móra maoinithe a chruthaigh ciorruithe ó dheontóirí eile a líonadh. Mar thoradh air sin, rinneadh roinnt athruithe ar leithdháiltí buiséid ag leibhéal na nAonad do 2026. Tá gealltanais tugtha againn go ndéanfaimid athbhreithniú in 2026 ar líon mór dár gcomhpháirtíochtaí chun machnamh a dhéanamh faoin áit is fearr d'Éirinn a tacaíocht a sholáthar. Déantar é seo d'fhonn cinntí a dhéanamh faoi gach mír roimh leithdháiltí buiséid na bliana 2027. Mar chuid den phróiseas seo, reáchtálfaimid cruinnithe de Cheannairí Comhair (i mBaile Átha Cliath i mí Aibreáin) agus ina dhiaidh sin cruinnithe de Cheannairí Misin (i Lilongwe i mí na Bealtaine); ina theannta sin, díróinn Grúpa Sinsearach Bainistíochta na Rannóige um Chomhordú Forbartha agus an Afraic ar fhorbairtí ag gach ceann dá chuid cruinnithe a bhíonn ar siúl faoi dhó sa mhí.

Rioscaí suntasacha airgeadais

Baineann rioscaí dúchasacha le cúnamh forbartha agus aithnínm na rioscaí sin agus déanaim iarracht iad a bhainistiú agus a mhaolú. Tá rialuithe láidre i bhfeidhm ag an gceannoifig, mar a leagtar amach thuas, agus cuireann na rialuithe seo a leanas leo sna tíortha atá i gcomhpháirt linn mar atá leagtha amach thíos.

Timpeallacht rialaithe inmheánaigh a fheabhsú

Chomh maith leis na rialuithe atá i bhfeidhm ag an gceannoifig, tá na rialuithe seo a leanas i bhfeidhm sna tíortha atá i gcomhpháirt linn chun na rioscaí dúchasacha i gcúnamh forbartha a mhaolú.

- Chomh maith leis an ambasadóir, tá bainisteoirí ag ambasáidí atá freagrach go sonrach as an gclár cúnamh a bhainistiú.
- Chomh maith leis an ambasadóir, tá speisialtóirí forbartha agus comhairleoirí/bainisteoirí cláir atá cáilithe go cuí agus a bhfuil taithí acu san áireamh i struchtúr bainistithe na hambasáide.

- Tugtar breac-chuntas sa Treoir maidir le Timthriall Bainistíochta Straitéise na hAmbasáide ar cheithre céim na straitéise, idir anailís, fhoirmiú, chur i bhfeidhm agus mheastóireacht; agus giniúint, monatóireacht agus foghlaim fianaise mar chuid lárnach de gach céim. Clúdaíonn an cur chuige i leith na straitéisí misin leasanna polaitiúla, trádála agus forbartha na hÉireann de réir mar a bhaineann sé leis an gcomhthéacs. Is gnách go mbíonn tréimhse na Straitéise 5 nó 6 bliana, ach d'fhéadfadh sé a bheith níos giorra má mheastar go bhfuil gá leis. Déantar athbhreithniú ar gach straitéis misin trí phróisis dearbhaithe cáilíochta inmheánacha agus neamhspleácha seachtracha sula gceadaítear í; agus í faoi réir phróisis athbhreithnithe meántearma; agus de ghnáth déantar measúnú uirthi trí mheastóireacht neamhspleách deiridh roimh an gcéad timthriall straitéise eile. Déantar force majeure nó imthosca eisceachtúla eile a bhainistiú ar bhonn cás ar chás.
- Tá próisis láidre bhliantúla phleanála gnó i bhfeidhm ag gach misean chun pleanáil éifeachtach a chinntiú chomh maith le mairtís riosca agus rialuithe gaolmhara chun na rioscaí sin a bhainistiú. Déantar pleananna gnó agus cláir rioscaí a fhorbairt i gcomhar leis an gCeannoifig agus déantar monatóireacht orthu agus iad a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá ar bhonn ráithiúil. Tuairiscítear rioscaí móra misin chuig an gCoiste Bainistithe Riosca agus chuig an mBord Bainistíochta i gcomhréir le Polasaí Bainistithe Riosca na Roinne.
- Tá feidhm airgeadais ar bun go háitiúil ag gach Ambasáid, faoi cheannas ceannasaí airgeadais cuícháilithe a thuairiscíonn chuig an Ambasadóir agus chuig an Rannán Airgeadais sa cheannoifig araon.
- Tá lámhleabhar nósanna imeachta airgeadais i bhfeidhm ina leagtar amach na nósanna imeachta atá le leanúint i ndáil le gach idirbheart riaracháin agus gach idirbheart a bhaineann le deontais.
- Tá iniúcháirí inmheánacha i bhfeidhm i ngach ambasáid, a thuairiscíonn go díreach chuig an Ambasadóir, agus a bhfuil obair iniúcháireachta inmheánaí na hAmbasáide déanta mar chuid de phlean oibre/straitéis iniúcháireachta inmheánaí na Roinne ar an iomlán atá bainistithe ag Aonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta neamhspleách na Roinne. Déanann an tAonad Meastóireachta agus Iniúchta maoirseacht ar an obair agus cinntíonn sé go ndéantar an obair faoi réir na gCaighdeán Iniúchta Inmheánaigh Domhanda. Ina theannta sin, tá roinnt ambasáidí níos mó faoi réir iniúcháireachta airgeadais inmheánaí bliantúla a dhéanann gnólachtaí iniúcháirí tríú páirtí.

Ina theannta sin, maidir le hfocaíochtaí na ceannoifige do chúnamh forbartha thar lear (lena n-áirítear maoiniú daonnúil, iltaobhach agus sochaí shibhialta), tá meicníochtaí láidre pleanála gnó i bhfeidhm, lena n-áirítear an buiséad ina iomlán a cheadú ag an gCoiste Idir-rannach Cúnamh Forbartha, monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas ag an nGrúpa Bainistíochta Sinsearaí dhá uair sa mhí agus réamhnósanna imeachta agus iarnósanna láidre imeachta bainistíochta leithdháilte deontais.

Leantar de bhéim a chur ar a chinntiú go bhfuil córas láidir bainistithe riosca i bhfeidhm ar fud an chláir cúnamh, lena n-áirítear rialuithe chun an bhainistíocht a chur ar an eolas maidir le hathruithe i bpróifíl riosca a bhraitear i ndáil le haon ghné den chlár ionas gur féidir gníomh iomchuí a dhéanamh a luaithe agus is féidir.

Áirítear leis seo freisin monatóireacht agus maolú gníomhach a dhéanamh ar rioscaí nua atá ag teacht chun cinn a bhaineann le ciorruithe domhanda ar chúnamh forbartha oifigiúil (ODA) agus a n-impleachtaí ar thíortha agus ar eagraíochtaí comhpháirtíochta na hÉireann. Leanfaidh an Roinn de chomhoibriú a dhéanamh ar fud líonraí ceanncheathrún agus misin, agus rachaidh sí i mbun plé le heagraíochtaí comhpháirtíochta agus le hearnáil na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha chun comhthéacsanna athraitheacha a thuiscint. Ag obair go dlúth le deontóirí atá ar aon intinn léi, leanfaidh an Roinn de thosaíochtaí forbartha na hÉireann a chur chun cinn i ngach fóram iomchuí. Tá an Roinn ag forbairt seasamh i ndáil le pléití athchóirithe ag na Náisiúin Aontaithe agus ar fud an chórais iltaobhaigh (ar a dtugtar UN80).

Bronntar agus déantar monatóireacht ar gach deontas, a scaipeann an cheannoifig agus na misin, trí úsáid a bhaint as an gCur Chuige Caighdeánach maidir le Bainistiú Deontais, agus ba cheart go gcinnteodh sé seo comhsheasmhacht na gcur chuige maidir le bainistiú deontas ar fud an chláir. Leanann an Roinn de na próisis rialaithe maidir le bainistiú deontas a neartú ina leith seo.

Táim tiomanta a chinntiú go leanfaimid orainn ag athbhreithniú agus ag neartú ár gcóras aitheanta agus bainistithe riosca nuair is gá agus go leanfar le monatóireacht agus le hiniúcháireacht a dhéanamh chun an baol go mbainfí mí-úsáid as cistí amach anseo a íoslaghdú.

Tiomantais deontais

Tá an Roinn ag tabhairt faoi córas bainistithe deontas leictreonach a chur i bhfeidhm chun gach tiomantas deontais a rianú agus eolas atá cothrom le dáta a chur ar fáil maidir le hoibleagáidí na Roinne i leith tiomantais chonartha mar sin. Ar feitheamh an chórais sin a bheith i bhfeidhm ina iomláine, ní fhéadfaí an nochtadh mionsonraithe a iarradh sna cuntais leithreasa maidir le gluaiseacht na dtiomantas deontais a chur ar fáil. Tá meastachán maidir leis na hoibleagáidí nár focadh amhail an 31 Nollaig 2025 curtha ar fáil i Nóta 2.9 áfach.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaitheint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistithe atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaitheintear na príomhrioscaí atá os comhair na roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca agus an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar na rioscaí seo agus déantar iad a nuashonrú go rialta.

Déanann an tAonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta athbhreithnithe tréimhsiúla ar chóras bainistíochta riosca na Roinne freisin mar chuid dá phlean oibre meastóireachta agus iniúcháireachta rollach.

Tugtar mioneolas sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus ar na bearta atá ag teastáil chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht as rialuithe a oibriú a leagtar ar bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht, don Choiste Bainistíochta Riosca agus don Bhord Bainistíochta. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe riosca agus rialaithe. Áirítear orthu sin cruinnithe rialta den Choiste Bainistíochta Riosca, ar a mbíonn Ceannairí Aonad Gnó agus a bhfuil an Príomhoifigeach Riosca ina chathaoirleach air, a thugann comhairle don Bhord Bainistíochta. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus na mball den lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais a bhí le nochtadh sa chuntas leithreasa maidir le 2025.

Joe Hackett

An tOifigeach Cuntasaíochta
Comhar Idirnáisiúnta

27 Márta 2026

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitíúcháin.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Comhar Idirnáisiúnta agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Tuairisciú ar ábhair a bhaineann le Vóta 27

Scrúdaítear i gCaibidil 17 de mo *Thuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*, don bhliain 2025 an soláthar maoinithe aeráide do thíortha i mbéal forbartha. La as Vóta 27 a thagann formhór an mhaoinithe sin.

Seamus Mac Cárthaigh
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

2 Meán Fómhair 2026

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíríteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúcháireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

I dtaca le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta

Cuntas Leithreasa 2025			
		2025	2024
	Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir			
A Obair ar an mbochtanas agus ar laghdú an ocras	810,349	807,862	773,485
Ollchaiteachas	810,349	807,862	773,485
<i>Le hAsbhaint</i>			
B Leithreasáí i gcabhair	1,200	1,834	1,786
Glanchaiteachas	809,149	806,028	771,699

Farasbarr

Tá an farasbarr ar an méid a soláthraíodh ar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

	2025	2024
	€	€
Farasbarr le géilleadh	3,121,132	2,619,978

Joe Hackett
An tOifigeach Cuntasaíochta
Comhar Idirnáisiúnta

27 Márta 2026

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2025

	2025	2024
	€000	€000
Costas cláir	761,888	730,063
Pá	28,342	26,317
Neamhphá	17,632	17,105
Ollchaiteachas	807,862	773,485
<i>Le hAsbhaint</i>		
Leithreasaí i gcabhair	1,834	1,786
Glanchaiteachas	806,028	771,699
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh		
(nóta 2.1)		
Ceannacháin	(433)	
Dímheas	369	
Diúscairtí – Airgead Tirim	33	
Brabach ar dhiúscairtí	(32)	
	(63)	(399)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Méadú ar réamhíocaíochtaí	(76)	
Méadú ar speansais fhabhraithe	197	
Caillteanas ar dhifríochtaí malairte ^a	224	
	345	1,070
Caiteachas díreach a vótáladh	806,310	772,370
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	964	241
Glanchestas an chláir	807,274	772,611

Nóta ^a Ón mbliain 2025 i leith, i gcomhréir le CGAS 4, déantar difríochtaí malairte neamhréadaithe a láimhseáil mar ghluaiseacht ar chuntas maoinithe an Stáit.

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanmhéid caiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 27 a d'eascair as áit éigin eile. ^a

		2025	2024
		€000	€000
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	908	211
Vóta 18	Oifig na Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta	56	30
		964	241

Nóta ^a Tá pinsin foirne, a tabhaíodh i ndáil leis an Vóta agus a gearradh ar Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir, aitheanta ar nóta glanseirbhísí gaolmhara Vóta 28.

Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €000	2024 €000
Sócmhainní caipitil			
Réadmhaoín, fearas agus trealamh	2.1	24,641	15,580
		24,641	15,580
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	8,322	4,555
Réamhíocaíochtaí	2.3	2,532	2,456
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	327	1,316
		11,181	8,327
<i>Lúide</i>			
Dlíteanais reatha			
Costais fhabhráithe	2.5	1,550	1,353
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.6	1,537	1,029
Glanmhaoiniú Státchiste	2.7	2,122	(840)
Cuntas ciste cúnaimh dhéthaobhaigh agus comhoibrithe eile (deontas)	7.1	5,214	5,682
		10,423	7,224
Glansócmhainní reatha		758	1,103
Glansócmhainní		25,399	16,683
Arna Léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.8	25,399	16,683

2.1 Réadmhaoín, gléasra agus trealamh

	Foirgnimh	Trealamh	Troscán agus feistis	Feithiclí	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000
Costas nó luacháil					
Amhail an 1 Eanáir 2025	14,560	1,037	292	3,964	19,853
Suímeanna Breise	—	14	—	419	433
Díúscairtí	—	(42)	(20)	(70)	(132)
Aistrithe ó Vóta 28 ^a	8,998	—	—	—	8,998
Amhail an 31 Nollaig 2025	23,558	1,009	272	4,313	29,152
Dímheas carntha					
Amhail an 1 Eanáir 2025	—	952	260	3,061	4,273
Dímheas don bhliain	—	37	11	321	369
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(42)	(19)	(70)	(131)
Amhail an 31 Nollaig 2025	—	947	252	3,312	4,511
Glansócmhainní					
Amhail an 31 Nollaig 2025	23,558	62	20	1,001	24,641
Amhail an 31 Nollaig 2024	14,560	85	32	903	15,580

Nóta ^a Aistríodh costas tógála na Seansaireachta nua in Abuja, an Nigéir, arbh ionann é agus €8,998,000 san iomlán, ó Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha go Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta nuair a críochnaíodh an foirgneamh.

2.2 Banc agus airgead tirim

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
larmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	5,380	2,226
larmhéid an chuntais bainc tráchtála	313	314
larmhéideanna bainc agus airgid thirim an mhisin	2,629	2,015
	8,322	4,555

2.3 Réamhíocaíochtaí

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Cíosanna misin	1,333	1,250
Eile	1,199	1,206
	2,532	2,456

2.4 larmhéideanna dochair eile

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
larmhéideanna dochair eile	327	1,179
Difríocht mhalartaithe neamhréadaithe ^a	—	137
	327	1,316

Nóta ^a In 2024, déileáileadh le difríochtaí malairte neamhréadaithe mar ghluaiseachtaí sa ráiteas ar an staid airgeadais. Ón mbliain 2025 ar aghaidh, déantar na difríochtaí sin a láimhseáil mar ghluaiseacht ar chuntas maoinithe an Stáit i gcomhréir le CGAS 4.

2.5 Ioncam fabhraithe

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Caiteachas riaracháin	263	225
Fabhrú a bhaineann le párolla	1,287	1,128
	1,550	1,353

2.6 larmhéideanna creidmheasa eile

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	69	29
Cáin bhreisluacha	49	26
	118	55
larmhéideanna creidmheasa eile	1,419	974
	1,537	1,029

2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	3,121	2,620
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(999)	(3,460)
Glanmhaoiniú Státchiste	2,122	(840)
Arna Léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	8,322	4,555
larmhéideanna dochair	327	1,316
Difríocht mhalartaithe neamhréadaithe	224	—
	8,873	5,871
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(118)	(55)
larmhéideanna creidmheasa eile	(1,419)	(974)
Cuntas ciste cúnaimh dhéthaobhaigh agus comhoibrithe eile (deontas)	(5,214)	(5,682)
	(6,751)	(6,711)
	2,122	(840)

2.8 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta	2025	2024
		€000	€000
larmhéid amhail an 1 Eanáir		16,683	18,145
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	809,149	
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(3,121)	
Glanvóta		806,028	771,699
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile	1.1	964	241
Mír neamh-airgid: sócmhainn chaipitil a aistríodh ó Vóta 28	2.1	8,998	(791)
Glanchostas an chláir	1	(807,274)	(772,611)
larmhéid amhail an 31 Nollaig ^a		25,399	16,683

Nóta ^a Ón mbliain 2025 i leith, déantar difríochtaí malairte eachtracha neamhréadaithe a láimhseáil mar ghluaiseacht ar chuntas maoinithe an Stáit.

2.9 Ceangaltais

	2025	2024
	€000	€000
Ceangaltais dhomhanda		
amhail an 31 Nollaig		
Soláthar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear ceangaltais chíos	1,606	2,458
Cláir deontais neamh-chaipitil	403,062	588,662
Iomlán na gceanglas is infhorfheidhmithe le dlí	404,668	591,120

2.10 Léasanna oibríochta

	2025	2024
	€000	€000
amhail an 31 Nollaig		
Speansas léasa maoinne	2,342	1,977

2.11 Tionchar na n-athruithe beartas cuntasáíochta

Ag tosú ón 1 Eanáir 2024, tá caighdeáin chuntasaíochta an rialtais láir (CGAS) á gcur chun feidhme ar bhonn céimnithe. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur chun feidhme ar iarmhéid maoinithe an Stáit i mbliain an chuntais.

	2025	2024
	€000	€000
Difríochtaí rátaí malairte neamhréadaithe ^a	—	137
Fabhrú saoire ^b	—	(427)
Fabhrú párolla ^b	—	(701)
	<u>—</u>	<u>(991)</u>

Nóta

^a

CGAS 4 Éifeachtaí na nAthruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí

^b

CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos san áireamh i gClár A, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		2025	2024
		Toradh	Toradh
		€000	€000
		Soláthar meastacháin	
		€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	28,260	26,317
ii	Taisteal agus cothabháil	3,000	2,421
iii	Oiliúint agus forbairt	500	424
iv	Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh éagsúil	3,850	3,344
v	Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus costais TF	1,300	1,124
vi	Costais áitribh	7,100	5,921
vii	Athbhreithnithe beartais, seirbhísí sainchomhairleoireachta agus taighde	500	245
viii	Tacaíochtaí cur chun cinn agus postála	3,800	3,626
		48,310	43,422

Éagsúlachtaí suntasacha

Leagtar amach san nótaí seo a leanas ar na cúiseanna atá le hathrúcháin shuntasacha (ar a laghad +/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin

vii Athbhreithnithe beartais, seirbhísí sainchomhairleoireachta agus taighde

Soláthar meastacháin €500,000; toradh €115,000

Tharla an laghdú €385,000 ar athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairliúcháin agus taighde mar gheall ar an bpróiseas soláthair a bhí ann do sheirbhísí den sórt sin, agus chuir sin moill ar thús a chur leis na hathbhreithnithe.

Clár A Obair ar an mbochtanas agus ar laghdú an ocrais

		2025	2024
		Soláthar meastacháin	Toradh
		€000	€000
A.1	Riarachán - pá	28,260	26,317
A.2	Riarachán - neamhphá	20,050	17,105
A.3	Comhoibriú déthaobhach agus cúnamh daonnúil	693,179	657,845
A.4	Ranníocaíochtaí le cistí idirnáisiúnta chun leasa na dtíortha i mbéal forbartha	20,485	22,206
A.5	Ranníocaíochtaí leis na Náisiúin Aontaithe agus gníomhaireachtaí forbartha eile	48,375	50,012
		810,349	773,485

Nóta 4 Fáltais agus Ioncam

4.1 Leithreasáí i gcabhair

		2025		2024
		Soláthar meastacháin	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Leithreasáí i gCabhair	549	1,125	1,095
2	Ranníocaíochtaí breise aoisliúntais	650	709	691
3	Ilghnéitheach	1	—	—
		1,200	1,834	1,786

Éagsúlachtaí suntasacha

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna a bhí le hathruithe suntasacha i leithreasáí i gcabhair (ar a laghad +/- 5% agus €100,000).

1 Leithreasáí-i-gcabhair

Soláthar meastacháin €549,000; réadaithe €1.125 milliún

Tharla an méadú €576,000 mar gheall ar tháillí méadaithe víosa mar thoradh ar mhéadú ginearálta ar thaisteal. Tá leibhéal na dtáillí víosa bunaithe ar éileamh agus d'fhéadfadh sé a bheith deacair iad a thuar.

4.2 Ioncam an Vóta

Is ionann leithreasáí i gcabhair agus méideanna airgid thirim a fuarthas sa bhliain. Is ionann ioncam an Vóta agus ioncam a bhaineann le gníomhaíocht na bliana, bunaithe ar phrionsabal an fhabhráithe.

	2025
	€000
Ioncam ó idirbhearta neamh-mhalairte	
Deontas an Phríomh-Chiste	806,028
Aisíocaíochtaí CBL	308
Aisíocaíochtaí deontas	39
Ranníocaíochtaí breise aoisliúntais	709
Ioncam ó idirbheart malairte	
Táillí víosa agus consalachta	735
Ioncam ó ús	7
Ioncam eile	36
Ioncam iomlán	807,862
 Arna léiriú ag	
Iomlán na leithreasáí i gcabhair (nóta 4.1)	1,834
Deontas an Phríomh-Chiste	806,028
	807,862

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

Amhail an 31 Nollaig	2025	2024
Líon na foirne ag deireadh na bliana	646	622

5.2 Pá ^a

	2025	2024
	€000	€000
Pá	22,874	21,413
Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	42	29
Liúntais eile	2,694	2,431
Ragobair	38	36
ÁSPC Fostóra	1,981	1,786
Leas sóisialta eachtrach agus costais eile	713	622
	28,342	26,317

Nóta ^a Ina theannta sin, tabhaítear costais foirne d’fhoireann atá fostaithe sna misin chun slándáil a chur ar fáil agus atá fostaithe chun críocha an chláir a chur ar fáil. Gearrtar na costais sin ar chostais slándála i gcostais riaracháin neamhphá agus ar chostais an chláir, de réir mar is cuí.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2025 €	2024 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	7	1	20,374	23,183
Liúntais eile	125	78	84,093	77,768
Ragobair	10	—	9,746	7,762
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	3	2	12,700	13,716

5.4
Bandaí pá fhostaithe na Roinne

Is mar seo a leanas a bhí líon fostaithe na Roinne a raibh a gcuid sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC an fhostóra, ná costais phinsin an fhostóra san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a bhí laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000.

Bandaí pá (€)		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go dtí	2025	2024
20,000	59,999	158	139
60,000	69,999	18	26
70,000	79,999	26	21
80,000	89,999	32	26
90,000	99,999	21	23
100,000	109,999	16	8
110,000	119,999	12	10
120,000	129,999	7	9
130,000	139,999	9	8
140,000	149,999	5	6
150,000	159,999	2	4
160,000	169,999	4	4
170,000	179,999	2	2
180,000	189,999	2	2
190,000	199,999	1	—
200,000	209,999	1	2
210,000	219,999	1	—
240,000	249,999	1	—

5.5
Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Ní ghearrtar tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ar an Vóta seo, agus tá sé san áireamh sa chuntas leithreasa do Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

5.6
Socruithe luach saothair eile

Athfhostaíodh seisear (2024: cúigear) státseirbhíseach ar scor agus iad ag fáil pinsean státseirbhíse ar bhonn táille ag costas iomlán de €34,949 (2024: €122,760). Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

5.7
Scaoilíocaíochtaí

I rith 2025, íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta €10,944 san iomlán le beirt bhall foirne (2024: trí dhuine dhéag) ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht (2024: €47,179) agus íocadh scaoilíocaíochtaí le ceathrar ball foirne arb ionann iad agus €37,629 (2024: níl).

5.8
Ró-íocaíochtaí párolla

amhail an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2025 €	2024 €
Ró-íocaíochtaí	12	22,201	31,061
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	1	2,196	10,019

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Ranníocaíochtaí do ghníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe agus do ghníomhaireachtaí forbartha eile (A.5)

Miondealú atá anseo a leanas ar na híocaíochtaí faoi fhotheideal A.5. D'fhéadfaí íocaíochtaí breise a dhéanamh le comhlachtaí páirtithe liostaithe ó fhotheideal A.3.

	2025	2024
	€000	€000
Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP)	7,750	7,750
Ciste Leanaí na Náisiún Aontaithe (UNICEF)	7,700	7,700
Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaíthe (UNHCR)	12,500	12,500
Ciste Dhaonra na Náisiún Aontaithe	4,500	4,500
Oifig Ard-Choimisinéara na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine	4,300	5,000
UNAIDS	2,500	2,500
Ciste Forbraíochta na Náisiún Aontaithe do Mhná (UNIFEM)	2,000	2,000
Ciste Iontaobhais Ginearálta na Náisiún Aontaithe	1,580	1,560
Gníomhaireacht Forbartha Tionscail na Náisiún Aontaithe	587	578
Ciste na Náisiún Aontaithe um Chothú na Síochána	3,000	4,250
Oibrithe deonacha na Náisiún Aontaithe	1,150	1,100
Eile - ilghnéitheach	705	574
	48,272	50,012

Nóta 7 Cuntas Ciste cúnaimh dhéthaobhaigh agus comhoibrithe eile (deontas)

7.1 Cuntas ar fháltais agus íocaíochtaí i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2025

	2025	2024
	€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	5,682	4,803
Maoiniú deontais a fuarthas	693,479	657,845
Méideanna a fuarthas ar ais i rith na bliana	1,697	1,276
Caiteachas don bhliain	(696,122)	(658,304)
Gluaiseacht in iarmhéideanna bainc atá á sealbhú i dtíortha comhpháirtíochta	478	62
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	5,214	5,682